Gairmscoil na bPiarsach

Nuachtlitir Feabhra 2011

Beatha agus Sláinte

Fáilte chuig an dara eagrán de nuachtlitir na scoile 2010/11. Tá droch aimsir na Nollag fágtha inár ndiaidh againn anois agus muid ag tnúth leis an dea-aimsir amach romhainn. Tá muid ag súil leis an oíche oscailte ar an gCeadaoin an 16iú lá déag de Feabhra do na scoláirí óna bunscoileanna a bhéas ag teacht chugainn an scoilbhliain seo chugainn.

Comhghairdeachas le Aódan ó Conaire a bhí mar chuid den fhoireann a bhuaigh croabh faoi 15 an iarthar roimh na Nollag. Sna tosaíthe a d'imir Aódan ar an lá agus bhí an-chluiche aige. Fair plé dhuit a Aodán. Comhghairdeachas freisin le Ciarán ó Conaire atá mar bhall de fhoireann Ghairmoideachas Chontae na Gaillimhe i mbliana.

Comhghairdeachas freisin le Patricia Uí Fhlaithearta, múinteoir gairmthreoir na scoile as ucht an gradam speisialta a bhfuair sí ó Uachtarán an tire, Máire Nic Giolla Íosa as ucht an obair atá déanta aici le blianta fada anuas le Gaisce.

Tá an seomra riomhairí nua criochnaíthe agus a n-usáid ag na scoláirí agus múinteoirí. Tá 25 riomhaire nua sa seomra chomh maith le teilgeoir sonraí. Is é an chéad staid eile le dul chun cinn teicneolaíocht na scoile ná teilgeoir sonraí a bheith i ngach seomra ranga sa scoil chomh maith le athfhorbairt suíomh idirlín na scoile.

Curimid fáilte roimh airíoch nua na scoile, Ciaran Tom ó Conaire a thosaigh le gairid linn sa scoil.

Brat Glas

Crochadh an brat glas nua sa scoil le gairid. Ba é seo an dara brat glas tuilte ag an scoil agus tá sé i gceist ag an scoil leanacht ar aghaidh chuig na léibheil eile. Beidh glasraí agus torthaí a chur sa ngarraí taobh thiar den scoil i mbliana ag na scoláirí.

Scléip

Rinne triúr scoláirí ón scoil éacht le gairid nuair a ghlacadar páirt i gcomórtas na nGaelscoileanna, Scléip i Halla na Cathrach, Gaillimh. Ghlac Colin Ó Niaidh, Niamh Nic Dhonnacha agus Colene Ní Niaidh páirt i rannóg an damhsa cruthaitheach agus ghlac Colene páirt i rannóg an ceol traidisiúnta agus beidh sí anois ag dul chuig craobh an hÉireann a bheas ar súil i mí an Mhárta i mBaile Átha Cliath. Comhghairdeachas leo ar fad.

Seachtain na hEolaíochta

Le linn seachtain na hEolaíochta thug Armagh Planetarium cuairt ar an gceantar leis an Stardome soghluaiste. D'fhreastal na bunscoileanna áitiúla go léir ar an dtaispeantas agus bhí ceardlann ar mhaighnéid agus leictreachas chomh maith. Ár mbuíochas do Mhicheal Ó Máille agus Scoil Náisiúnta an Ghoirt Mhór a chuir an halla agus seomraí ar fáil . Sí an múinteoir Eolaíochta Bridie Uí Chonámha a d'eagraigh an turas seo mar chuid de Fheile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe.

Options West

Bhí an ardteist le gairid istigh ag aonach gairme "Options west", áit a cuireadh ar an eolas iad faoi na roghanna atá ann dhóibh sna Coláistí ar fad sa tír. Bhí aoi-chainteoirí ann chomh maith ón Airm, na Gardaí agus Fás. Sí an múinteoir Gairmthreoir, Patricia Ní Fhlaithearta a d'eagraigh an turas.

HEAR- Bhí aoi-chainteoir, Sinéad Quinn anseo le gairid ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun labhairt le scolairí na hArdteiste faoi na roghanna atá amuigh ansin dhóibh faoin scéim DEIS.

WEEE Ireland

Bhí an eagraíocht athchúrsail, WEEE Ireland sa scoil le gairid ag labhairt le scoláirí an chéad bhliain. Cuireadh síos ar thábhacht an athchúrsáil agus cuireadh tús chomh maith le bailiúchán airgead ar mhaithe le airgead a bhailiú don scoil agus do na cluichí Oilimpeacha speisialta.

Tá an chéad bhliain ag obair le WEEE Ireland le batairí a bhailiú agus málaí athúsaideach a dhíol. Tá bosca gorm i gcóir na batairí seo i go leor ionaid éagsúla ar nós nGairmscoil na bPiarsach, Tí Mháille, Tí Nioclas, Tí Leavy, Scoil an Ghoirt Mhóir, Ionad Sláinte Rosmuc srl. Tá na málaí athúsáideach agus tá siad an soar (€2). Teann €1 amhain go dtí Cluichí Oilimpeacha Speisialta agus an €1 eile ag dul go dtí an scoil. Freisin ar an 4ú Feabhra bhí bailiúchán le haghaidh earraí leictreachas ag an scoil. Tá go leor dul chun cinn déanta go dtí seo againn agus ba mhaith linn níos mó a dhéanamh. Buíochas leis an múinteoir tíos Amanda Ní Ghreacháin atá ag tacú linn an obair seo a dhéanamh.

Niamh Ní Dhonnacha (1ú bliain)

Clár an Teastas Shóisearigh

Chuir an chéad bhliain tús oifigiúil le Clár an Teastas shóisearigh le gairid nuair a bhí feasta acu ina rang staire. Ritheann an clár seo comhthreormhar leis an teastas shóisearach fhéin agus cuirtear béim ar uimhríoch agus litearthacht. Spreagann muid i gconaí dár scoláirí go leor leabhair agus eagsúlacht ábhair leabhair a léamh i mBéarla agus Gaeilge. Tá rogha leathan leabhair ar fáil anois i leabharlann an scoile do scoláirí uilig na scoile.

Formula 1 tagtha go Rosmuc

Séard é an comórtas Formula 1 i scoileanna ná comortas domhanda do dhaltaí meánscoile carr aer comhbhruite sabhla Formula 1 a dhéanamh don todhchaí.

Téann foireann in iomaíocht sna babhta ceannais réigiúnach agus náisiúnta, tástáil ar luas agus innealtóireachta ar chaighdeán a gcuid “racers” samhail. Macasamhail de chomortáis an Formula 1, taithí ag ionchorpú ghnéithe na margaíochta, urraíocht, bainistíocht tionscadail, cumarsáid agus forbairt bogearraí.

Ceadaíonn an dúshlán do mhic léinn taithí a fháil maidir le taighde, cur i láthair,tarraingt, dearadh agus samhaltú soladach, seo cuid de na scileanna atá ag teastáil sna hábhair Ardteistiméireachta nua teicneolaíochta.

Tá dhá fhoireann ag an scoil ag glacadh páirt sa

gcomortás seo sin iad:

Luas Lasrach agus Rosmuc Racers

Is iad na daoine atá ar foireann ***Luas Lásrach*** ná:

1. John Martin Ó Suilleabháin
2. Mairéad Ní Neachtain
3. Liam Ó Conaire
4. Meadhbh Ní Ghaora
5. Stiofán Ó Neasa
6. Antaine Breathnach

Is iad na daoine atá ar foireann ***Rosmuc Racers*** ná:
1.John Ó Niadh
2.Áine Ní Mhainnín
3.Noel Ó Gríófa
4.Christina Breathnach
5.Michéal Ó Suilleabháin

Tá muid ag súil go ngeobhfaidh muid thríd go dtí an chéad babhta eile!!!

Christina Breathnach (Rosmuc Racers)

Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, 091-574100
Ríomhphost: piarsach@eircom.net